Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2025
(OR. en)

10214/25

LIMITE

CCG 23

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0126(NLE)**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann le cinneadh ó na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil i ndáil le rátaí úis a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann le cinneadh ó na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil i ndáil le rátaí úis a ghlacadh**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na treoirlínte atá sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú'), a forbraíodh faoi chuimsiú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), rinneadh iad a thrasuí de bhua Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus dá bhrí sin tá siad ceangailteach ó thaobh dlí de san Aontas.

(2) I gcomhréir le hIarscríbhinn XII a ghabhann leis an Socrú, bunaítear Ráta Tagartha don Ús Tráchtála ('CIRR') le haghaidh airgeadra gach Rannpháirtí sa Socrú. Is éard atá i CIRR, ar íosráta seasta úis é is féidir a thairiscint mar chuid de chonradh maoinithe onnmhairiúcháin le taca rialtais, bonnráta agus corrlach.

(3) D'úsáid na Rannpháirtithe sa Socrú ('na Rannpháirtithe') Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan mar thagarmharc chun corrlach CIRR a ríomh. Tar éis deireadh a bheith curtha le Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan in 2021, tháinig na Rannpháirtithe ar chomhaontú maidir le réitigh shealadacha chun corrlaigh CIRR a bhunú.

(4) Tá na Rannpháirtithe le teacht ar chomhaontú trí nós imeachta i scríbhinn maidir le leasuithe ar fhorálacha an tSocraithe i ndáil le corrlaigh CIRR a bhunú.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1233/oj).



PUBLIC

(5) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, is iomchuí é a bhunú i nós imeachta i scríbhinn na Rannpháirtithe, ós rud é go mbeidh cinneadh na Rannpháirtithe ina cheangal ar an Aontas agus go mbeidh sé in ann tionchar cinntitheach a bheith aige ar ábhar dhlí an Aontais, de bhua Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i nós imeachta i scríbhinn Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le leasuithe ar fhorálacha an tSocraithe sin i ndáil le rátaí úis, tacú le cinneadh bunaithe ar an dréacht-téacs atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC